Energy for generations

CLASHWILLIAM
SOLAR FARM

Eagrán 1 – Feabhra 2025

# Nuachtlitir Fheirm Ghréine Chlais Liam

Tionscadal nua fuinnimh in-athnuaite i gContae Chill Chainnigh is ea Feirm Ghréine Chlais Liam. Tá an tionscadal á fhorbairt ag Harmony Solar Kilkenny Ltd (HSKL) thar ceann ESB. Is ar www.clashwilliamsolarfarm.ie a gheofar na sonraí ar fad faoin tionscadal seo.

Tá lánchead pleanála faighte don tionscadal seo le 42 MWp d'fhuinneamh glan a ghiniúint, méid a bheidh in ann cumhacht a sholáthar do bhreise agus 10,500 áit chónaithe.

Mar chuid den tionscadal seo, tá gealltanas tugtha againn go mbeimid ag plé leis na pobail áitiúla thart ar an suíomh le go n-éireoidh linn Feirm Ghréine Chlais Liam a chur i gcrích faoi 2026.

Fuarthas lánchead pleanála d'Fheirm Ghréine Chlais Liam i mí an Mheithimh 2021 ó Chomhairle Contae Chill Chainnigh (Uimhir thagartha phleanála Chomhairle Contae Chill Chainnigh 20/897). Fuarthas cead pleanála d'eangach na greille ó Chomhairle Contae Chill Chainnigh i mí Eanáir 2023 (Uimhir thagartha phleanála Chomhairle Contae Chill Chainnigh 22/487)

D'éirigh leis an tionscadal conradh acmhainneachta a fháil i gceant faoi Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite 3 i mí Mheán Fómhair 2023.

Déanfar Feirm Ghréine Chlais Liam a nascadh leis an eangach leictreachais i bhfostáisiún 110kV (cileavata) Chill Chainnigh. Úsáidfear cábla 5.7km (ciliméadar) faoi thalamh leis an bhFeirm Ghréine a nascadh leis an bhfostáisiún 110kV. Agus an Fheirm Ghréine á tógáil, beidh sé riachtanach painéil ghréine talamh-suite a shuiteáil ar fhrámaí cruaiche tanaí chomh maith le cábla faoi thalamh a shuiteáil.




*Fíor 1: Léarscáil láithreáin Fheirm Ghréine Chlais Liam.*

# Amlíne Forbartha Reatha

| | |
|---|---|
| Feabhra 2025 | Tá an obair thógála ar an tionscadal réidh le tosú. |
| Feabhra 2025 go hearrach 2026 | Oibreacha leictreachais agus suiteáil an chábla. |
| Earrach 2025 go samhradh 2026 | Oibreacha tógála na Feirme Gréine. |
| Samhradh 2026 | Coimisiúnú agus an tionscadal ag feidhmiú. |

# Bainistíocht Tráchta


## Cén áit a mbeidh an bealach isteach chuig an láithreán?

Beidh bealach isteach nua chuig an láithreán ar bhóthar an L2635 atá cóngarach don taobh theas den láithreán, thart ar 800m siar den áit a dtagann an L2635 agus bóthar an L2634 le chéile.

Cuirfear an cábla isteach feadh bóithre poiblí timpeall 5.7km ó láithreán na Feirme Gréine go fostáisiún 110kV Chill Chainnigh. Cuirfear an cábla trí na bailte fearainn an Scairt, an Ráth Ard, Baile Mhadóg, Ráth Gharbháin, an Pháirc Gharbh, Garrán na Manach, Páirc Anna, an Carann agus Baile an Ghabhann.

Déanfar plean bainistíochta tráchta mionsonraithe a shocrú le Comhairle Contae Chill Chainnigh sula gcuirfear tús leis an tógáil.

Nuair a bheidh an fheirm tógtha agus ag feidhmiú, ní bheidh aon trácht ann seachas cuairteanna cothabhála ó am go chéile. Is beag difear a dhéanfaidh trácht den chineál sin.




*Fíor 2: Slí an chábla faoi thalamh*



CLASHWILLIAM
SOLAR FARM

## Comhpháirteanna gréine atá lena seachadadh?

Tá na painéil ghréine agus na comhpháirteanna a bhaineann leo réasúnta beag. Úsáidtear pailléid le hiad a aistriú ó áit go háit agus cuirtear le chéile iad ar an láthair. Déanfar na pailléid a sheachadadh i gcoimeádáin 40 troigh á n-iompar ag leoraithe altacha.

## An mbeidh atreorú tráchta agus moilleanna ann?

Coinneofar atreorú tráchta agus moilleanna ar an leibhéal is ísle agus is féidir nuair a chuirfear an plean bainistíochta tráchta mionsonraithe i bhfeidhm.  Déanfaidh foireann an tionscadail tuairiscí chun dáta agus cumarsáid faoi na nithe seo a shocrú. Táimid an-bhuíoch díbh as foighne a léiriú ina leith seo.

# Ciste Sochair Pobail

Beidh Ciste Sochair Pobail ag baint le tionscadal Fheirm Chlais Liam óna mbronnfar deontais ar eagraíochtaí sa cheantar nuair a bheidh an Fheirm Ghréine ag feidhmiú. Úsáidfear an ciste ar mhaithe le folláine eacnamaíoch, chomhshaoil, shóisialta agus chultúrtha phobal na háite. Tá riarthóir neamhspleách faoi leith ag ESB a bhíonn ag plé le Cistí Pobail Feirmeacha Gaoithe agus Gréine - SECAD. Is é www.communitybenefitfunds.ie an láithreán gréasáin atá acu chun iarratas a dhéanamh. Tá rannóg cabhrach ar an láithreán gréasáin a bheidh áisiúil ag pobail agus naisc ansin chuig seimineáir ghréasáin agus áiseanna eile. Cé nach bhfuil an ciste gréine i bhfeidhm go fóill, molaimid daoibh smaoineamh faoi na cineálacha tionscadal a chuirfeadh sibh isteach agus an t-eolas tacaíochta a bheidh de dhíth ar SECAD.



# Déan Teagmháil Linn

Tá sé i gceist ag foireann an tionscadail pobal na háite a choinneáil ar an eolas faoi thógáil Fheirm Ghréine Chlais Liam.

Tá ár nOifigeach Teagmhála Pobail, Sean Moroney, agus daoine eile d'fhoireann an tionscadail ar fáil chun bualadh libh agus gach gné den tionscadal a phlé libh cibé uair is fearr daoibh féin. Coinneoimid an pobal ar an eolas ar láithreán gréasáin an tionscadail de réir mar a dhéanfar dul chun cinn ar an tionscadal.


**Láithreán gréasáin:** www.clashwilliamsolarfarm.ie

**R-phost:** ESBSolarFarms@esb.ie

**Fón:** 086 1677977 (CLO- Sean Moroney)

**Post:** Nuachtlitir Fh77eirm Ghréine Chlais Liam (HSKL)
Ceannáras ESB
27 Sráid Mhic Liam Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 KT92
Éire


Energy for generations

CLASHWILLIAM SOLAR FARM